**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 35/2023**

**an 17 Márta 2023**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I (Ábhair thréidliachta agus fíteashláintíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2343]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1412 ón gCoimisiún an 19 Lúnasa 2022 maidir le bláthola ylang ylang as *Cananga odorata* (Lam) Hook f. & Thomson a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1417 ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2022 maidir le húdarú ullmhóid *Lactobacillus acidophilus* CECT 4529 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis agus catagóire éanlaithe clóis, seachas béaróga agus sicíní lena ramhrú, agus le haghaidh éin ornáideacha agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2275 (sealbhóir an údaraithe: Centro Sperimentale del Latte S.r.l.), ([2]) tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1419 ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2022 maidir le bláthola duilleog buchu as *Agathosma betulina* (P.J. Bergius) Pillans a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1420 ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2022 maidir le haigéad L-glútamach agus glútamáit mhonasóidiam arna dtáirgeadh ag *Corynebacterium glutamicum* NITE BP-01681 a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, ([4]) tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(5) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1421 ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2022 maidir le húdarú bláthola oráiste fhuarbhrúite, bláthola oráiste dhriogtha agus olaí oráiste tiubhaithe as *Citrus sinensis* (L.) Osbeck mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ([5]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(6) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1442 ón gCoimisiún an 31 Lúnasa 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1490 a mhéid a bhaineann le téarmaí an údaraithe maidir le crágach mangainéise de híodráit aimíonaigéad mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ([6]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(7) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1445 ón gCoimisiún an 31 Lúnasa 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1039 a mhéid a bhaineann le téarmaí an údaraithe maidir le crágach copair (II) de híodráit aimíonaigéad mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ([7]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(8) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1452 ón gCoimisiún an 1 Meán Fómhair 2022 maidir le 3-eitilcioglaipeantán-1,2-dé-óin, 4-hiodrocsa-2,5-démheitiolfúrán-3(2H)-óin, 4,5-déhiodra-2-meitiolfúrán-3(2H)-óin, eoigeanóil, 1-meatocsa-4-(próp-1(tras)-einil)beinséine, α-peintiolcainéalaildéid, α-heicsiolcainéalaildéid agus 2-aicéitilpiridín a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh speicis ainmhíocha áirithe ([8]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(1) IO L 217, 22.8.2022, lch. 1.
(2) IO L 218, 23.8.2022, lch. 3.
(3) IO L 218, 23.8.2022, lch. 12.
(4) IO L 218, 23.8.2022, lch. 17.
(5) IO L 218, 23.8.2022, lch. 27.
(6) IO L 227, 1.9.2022, lch. 117.
(7) IO L 227, 1.9.2022, lch. 127.
(8) IO L 228, 2.9.2022, lch. 17.

(9) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1453 ón gCoimisiún an 1 Meán Fómhair 2022 maidir le húdarú 6-fíotáis arna táirgeadh ag *Komagataella pastoris* (DSM 23036) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis éanúil agus le haghaidh gach muc agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 98/2012 (sealbhóir an údaraithe Huvepharma EOOD) ([9]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(10) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1469 ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2022 maidir le L-lísín arna táirgeadh ag *Escherichia coli* CGMCC 7.398 a údarú mar bhreiseán beathaithe do gach speiceas ainmhí ([10]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(11) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1471 ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2022 maidir le hochtaihiodráit charbónáite lantanaim mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat (sealbhóir an údaraithe Porus GmbH) ([11]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(12) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1472 ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2022 maidir le húdarú sulfáite lísíonáite mhangainéise mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ([12]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(13) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1492 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2022 maidir le L-vailín arna tháirgeadh ag *Escherichia coli* CCTCC M2020321 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ([13]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(14) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1493 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2022 maidir le L-meitiainín arna tháirgeadh ag *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80245 agus *Escherichia coli* KCCM 80246 a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ([14]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(15) Is le reachtaíocht maidir le hábhair bheatha a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le hábhair bheatha, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a leathnófar cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Caibidil II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs i bpointe 2zza (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 98/2012 ón gCoimisiún):

   '**32022 R 1453**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1453 ón gCoimisiún an 1 Meán Fómhair 2022 maidir le húdarú 6-fíotáis arna táirgeadh ag *Komagataella pastoris* (DSM 23036) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis éanúil agus le haghaidh gach muc agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 98/2012 (sealbhóir an údaraithe Huvepharma EOOD) (IO L 228, 2.9.2022, lch. 30).'

2. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 222 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1490 ón gCoimisiún):

   ', arna leasú le:

   — **32022 R 1442**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1442 ón gCoimisiún an 31 Lúnasa 2022 (IO L 227, 1.9.2022, lch. 117).'

([9]) IO L 228, 2.9.2022, lch. 30.
([10]) IO L 231, 6.9.2022, lch. 105.
([11]) IO L 231, 6.9.2022, lch. 113.
([12]) IO L 231, 6.9.2022, lch. 116.
([13]) IO L 234, 9.9.2022, lch. 14.
([14]) IO L 234, 9.9.2022, lch. 18.

3. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 233 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2275 ón gCoimisiún):

‘, arna leasú le:

— **32022 R 1417**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1417 ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2022 (IO L 218, 23.8.2022, lch. 3).’

4. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 262 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1039 ón gCoimisiún):

‘, arna leasú le:

— **32022 R 1445**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1445 ón gCoimisiún an 31 Lúnasa 2022 (IO L 227, 1.9.2022, lch. 127).’

5. Cuirtear na pointí seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 463 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1490 ón gCoimisiún):

‘464. **32022 R 1412**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1412 ón gCoimisiún an 19 Lúnasa 2022 maidir le bláthola ylang ylang as *Cananga odorata* (Lam) Hook f. & Thomson a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 217, 22.8.2022, lch. 1).

465. **32022 R 1417**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1417 ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2022 maidir le húdarú ullmhóid *Lactobacillus acidophilus* CECT 4529 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis agus catagóire éanlaithe clóis, seachas béaróga agus sicíní lena ramhrú, agus le haghaidh éin ornáideacha agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2275 (sealbhóir an údaraithe: Centro Sperimentale del Latte S.r.l.) (IO L 218, 23.8.2022, lch. 3).

466. **32022 R 1419**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1419 ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2022 maidir le bláthola duilleog buchu as *Agathosma betulina* (P.J. Bergius) Pillans a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 218, 23.8.2022, lch. 12).

467. **32022 R 1420**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1420 ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2022 maidir le haigéad L-glútamach agus glútamáit mhonasóidiam arna dtáirgeadh ag *Corynebacterium glutamicum* NITE BP-01681 a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 218, 23.8.2022, lch. 17).

468. **32022 R 1421**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1421 ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2022 maidir le húdarú bláthola oráiste fhuarbhrúite, bláthola oráiste dhriogtha agus olaí oráiste tiubhaithe as *Citrus sinensis* (L.) Osbeck mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 218, 23.8.2022, lch. 27).

469. **32022 R 1452**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1452 ón gCoimisiún an 1 Meán Fómhair 2022 maidir le 3-eitilcioglaipeantán-1,2-dé-óin, 4-hiodrocsa-2,5-démheitiolfúrán-3(2H)-óin, 4,5-déhiodra-2-meitiolfúrán-3(2H)-óin, eoigeanóil, 1-meatocsa-4-(próp-1(tras)-einil)beinséine, α-peintiolcainéalaildéid, α-heicsiolcainéalaildéid agus 2-aicéitilpiridín a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh speicis ainmhíocha áirithe (IO L 228, 2.9.2022, lch. 17).

470. **32022 R 1469**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1469 ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2022 maidir le húdarú sulfáite L-lísín arna táirgeadh ag *Escherichia coli* CGMCC 7.398 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 231, 6.9.2022, lch. 105).

471. **32022 R 1471**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1471 ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2022 maidir le húdaraú ochtaihiodráit charbónáite lantanaim mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat (sealbhóir an údaraithe Porus GmbH) (IO L 231, 6.9.2022, lch. 113).

472. **32022 R 1472:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2022/1472 ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2022 maidir le húdarú sulfáite lísíonáite mhangainéise mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 231, 6.9.2022, lch. 116).

473. **32022 R 1492**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1492 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2022 maidir le L-vailín arna tháirgeadh ag *Escherichia coli* CCTCC M2020321 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 234, 9.9.2022, lch. 14).

474. **32022 R 1493**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1493 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2022 maidir le L-meitiainín arna tháirgeadh ag *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80245 agus *Escherichia coli* KCCM 80246 a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 234, 9.9.2022, lch. 18).’

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1412, (AE) 2022/1417, (AE) 2022/1419, (AE) 2022/1420, (AE) 2022/1421, (AE) 2022/1442, (AE) 2022/1445, (AE) 2022/1452, (AE) 2022/1453, (AE) 2022/1469, (AE) 2022/1471, (AE) 2022/1472, (AE) 2022/1492 agus (AE) 2022/1493 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 18 Márta 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Márta 2023.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.